# CONAS IS FÉIDIR BRÉAGNUACHT A AITHINT?

webwise.ie

## SEICLIOSTA

Tá roinnt rudaí ar féidir a bheith ag faire amach dóibh agus ábhar ar líne á mheas.

**CDÉAN SEICEÁIL AR AN URL:** Bí ag faire amach do shuíomhanna gréasáin le URLanna nó ainmneacha fearainn aisteacha. Úsáideann go leor ailt bhréagnuachta ainmneacha fearainn atá an-chosúil le gréasáin nuachta aitheanta nó suíomh meán le hathruithe beaga i litriú na n-ainmneacha fearainn.

**TCAITH SÚIL NÍOS GÉIRE AIR:** Seiceáil foinse an scéil, an aithníonn tú an suíomh gréasáin? An foinse inchreidte/iontaofa é? Mura bhfuil cur amach agat ar an suíomh gréasáin, féach sa chuid 'eolas fúinn' chun níos mó eolais a fháil faoin údar.

**FÉACH NÍOS FAIDE NÁ AN CHEANNLÍNE:** Seiceáil an t-alt iomlán, úsáidtear ceannlínte gáifeacha nó creathnacha i go leor scéalta bréagnuachta chun aird a tharraingt. Is minic go mbíonn ceannlínte scéalta bréagnuachta scríofa i gceannlitreacha amháin agus go n-úsáidtear comharthaí uaillbhreasa iontu.

**CSEICEÁIL FOINSÍ EILE:** An bhfuil soláthraithe nuachta/meáin iontaofa eile ag tuairisciú ar an scéal? An bhfuil aon fhoinsí luaite sa scéal? Má tá, seiceáil an bhfuil siad iontaofa nó go deimhin más ann dóibh ar chor ar bith!

**SEICEÁIL NA FÍRICÍ:** Is minic go mbíonn dátaí míchearta nó amlínte athraithe i scéalta bréagnuachta. Is maith an smaoineamh é freisin seiceáil cathain a foilsíodh an t-alt, an scéal nuachta reatha nó seanscéal é?

**IAN SCÉAL GRINN ATÁ ANN?** Bíonn an-tóir ar shuíomhanna gréasáin aoracha ar líne ach uaireanta ní léir an scéal atá ann nó an é go bhfuil an t-údar ag magadh nó ag déanamh scigaithrise... Seiceáil an suíomh gréasáin, an bhfuil aithne air mar shuíomh ar a gcumtar scéalta greannmhara?